

COISTE NA GAEILGE



**Cruinniú Dé Máirt
25 Feabhra 2014
Seomra an Bhoird,
Teach an Phroipaist
4.00pm**

**Meeting Tuesday
25 February 2014
Board Room,
Provost's House,
4.00pm**

DRÉACHT-MIONTUAIRISCÍ

DRAFT- MINUTES

I láthair: Ball Tofa den Bhord (sa chathaoir) – Liam Dowling; Oifigeach na Gaeilge – Aonghus Dwane; Oifigeach na Gaeilge (nuacheaptha) – Aoife Crawford (Rúnaí); Roinn na Gaeilge – An Dr Eoin Mac Cárthaigh; An Leabharlann – Clíona Ní Shuilleabháin; Déan – an tOllamh Joseph Barry (Pro-Déan); Reachtaire an Chumainn Ghaelaigh – Niamh Ní Chróinín; Dámh na hInnealtóireachta, na Matamaitice agus na hEolaíochta – An Dr Colm Ó Dunlaing; Dámh na nEolaíochtaí Sláinte – An Dr Deirdre D'Arcy

Present: Elected Board Member (in the Chair)- Liam Dowling; Irish Language Officer - Aonghus Dwane; Irish Language Officer (incoming) – Aoife Crawford (Secretary); Department of Irish - Dr Eoin MacCárthaigh; Library – Clíona Ní Shuilleabháin; Dean - Professor Joseph Barry (Pro-Dean); Reachtaire of An Cumann Gaelach - Niamh Ní Chróinín; Faculty of Engineering, Mathematics and Science - Dr Colm Ó Dúnlaing; Faculty of Health Sciences - Dr Deirdre D'Arcy

1-Leithscéalta:

Rúnaí an Choláiste – John Coman; Oifigeach Gaeilge Aontas na Mac Léinn - Eoin Ó Suilleabháin; Dámh na nEalaíon agus na nDaonnachtaí – An Dr Carmel O'Sullivan

1- Apologies:

Secretary to the College – John Coman; Students' Union Irish Language Officer – Eoin Ó Suilleabháin; Faculty of Arts, Humanities and Social Sciences – Dr Carmel O'Sullivan

2- Miontuairiscí

Glacadh le miontuairiscí chruinniú an 29 Deireadh Fómhair 2013.

2- Minutes

The minutes of the meeting of 29 October 2013 were accepted.

3- Ag éirí as na miontuairiscí

Taispeánadh na comharthaí nua do Sheomra na Gaeilge, agus deimhníodh go gcrochfar go luath iad, chomh maith le grianghraf ó sheoladh an Dara Scéim Teanga. Ní raibh aon ní eile ag éirí as na miontuairiscí.

3- Matters arising

The new signs for Seomra na Gaeilge were shown, and it was confirmed that they will be hung up soon, as well as a photograph from the launch of the Second Language Scheme. There were no other matters arising from the minutes.

4- Cuir in aithne: Aoife Crawford

Chuir an coiste fáilte roimh an Oifigeach Gaeilge nuacheaptha, Aoife Crawford, agus chuir na baill iad féin in aithne di.

5- Tuairisc an Oifigh Gaeilge

Cúrsaí Aistriúcháin (Aoife Crawford)

Beidh conradh an Choláiste le Europus Teoranta thart i mí Aibreán 2014. Tá caipéis foilsithe ag an rialtas a chuireann 6 chomhlacht aistriúcháin ar fáil, agus rogha le déanamh eatarthu trí 'mhionchomortais'. Níl Europus ar an liosta seo, ach déanfar iarracht Europus a chur san áireamh sa phróiseas roghnaithe – caithfear an cheist seo a phlé leis an Rannóg Soláthair.

Ranganna Gaeilge (Aonghus Dwane)

Tá thart ar 200 duine cláraithe do na ranganna Gaeilge an téarma seo (timpeall 65% baill foirne, 35% mic léinn), agus 14 acu siúd ag iarraidh scrúdú TEG (Teastas Eorpach na Gaeilge) a dhéanamh. Tabharfaidh Oifig na Gaeilge €20 an duine dóibh siúd a chláraíonn don scrúdú.

An Chéadaoin ag an Bhutrach (Aonghus Dwane)

Tá ag éirí go maith leis an Chéadaoin ag an Bhutrach fós. Tá club léitheoireachta bunaithe le déanaí, a mbuaileann le chéile gach ré Céadaoin ag 11am, san áit a mbíonn 'An Chéadaoin ag an Bhutrach'. Léann agus pléann siad píosaí gearra litríochta le chéile.

Éigse na Trionóide (Aonghus Dwane)

Chuir Oifig na Gaeilge imeachtaí éagsúla ar siúl le linn na hÉigse, ag díriú ar fhoireann an choláiste ach go háirithe. Thug Linda Ervine caint spéisiúil a raibh suim sna meáin inti, faoi fhoghlaim na Gaeilge i measc dílseoirí Oirthear Bhéal Feirste. I measc na n-imeachtaí eile a chur an Oifig ar siúl bhí Aifreann agus Urnaí na Nóna i nGaeilge, Blaiseadh Ghaeilge na hAlban agus Tráth na gCeist idir an fhoireann agus na mic léinn.

6- Tuairisc ón Chumann Gaelach

Thug Reachtaire an Chumainn Ghaelaigh, Niamh Ní Chróinín, tuairisc ar ghnó an Chumainn faoi lathair. Dúirt sí go bhfuil an Ciorcal Comhrá seachtainiúil ag dul ar aghaidh go maith, chomh maith leis an lón saor in aisce gach Céadaoin ('Anraith agus Áran'), a mbíonn thart ar 40-50 duine ag freastal air. Bunaíodh fóram díospóireachta ar líne le déanaí freisin, le rún nua

4- Introduction: Aoife Crawford

The committee welcomed the incoming Irish Language Officer, Aoife Crawford, and the members introduced themselves to her.

5- Report of the Irish Language Officer

Translation (Aoife Crawford)

College's contract with Europus Teoranta will expire in April 2014. The government has published a document that gives 6 translation companies, who are to be chosen from by 'mini-competitions'. Europus are not on this list, but an effort will be made to include Europus in the selection process – this question must be discussed with Procurement.

Irish Classes (Aonghus Dwane)

Approximately 200 people are registered for Irish classes this term (around 65% staff members, 35% students), and 14 of those want to take the "TEG" (European Certificate in Irish) exam. The Irish Language Office will give €20 to each of them who register for the exam.

Wednesday at the Buttery (Aonghus Dwane)

Wednesday at the Buttery is continuing to do well. A reading club has been founded recently, who meet together every second Wednesday at 11am, in the area in which 'Wednesday at the Buttery' takes place. They read and discuss short pieces of literature together.

Éigse na Trionóide (Aonghus Dwane)

The Irish Language Office put on various events during the Éigse (Irish-language festival), focussing on college staff in particular. Linda Ervine gave an interesting talk that attracted media interest, about loyalist learners of Irish in East Belfast. Among the other events that the Irish Office put on were Mass and Evensong in Irish, a Taster of Scots Gaelic, and a quiz between staff and students.

6- Report from the Cumann Gaelach

The Reachtaire of the Cumann Gaelach, Niamh Ní Chróinín, gave a report on Cumann business at the moment. She said that the weekly conversation circle is going well, as is the free lunch every Wednesday ('Soup and Bread'), which around 40-50 people attend regularly. An online debating forum was also founded recently, with a new motion every week and people from various colleges taking part.

gach seachtain agus daoine ó choláistí éagsúla ag glacadh páirt ann. Imeacht rialta nua eile ná an Club Obair Bhaile, le Cumann Naomh Uinseann de Pól – bíonn idir 10 agus 15 daltaí scoile ag fáil cuidiú le hobair bhaile Gaeilge ó mhúinteoirí ón dá chumann, uair sa tseachtain.

I measc na n-imeachtaí atá eagraithe ag an Chumann Gaelach idir an cruinniú deireanach agus an cruinniú seo tá: an Tóstal ('The Gathering') le hiar-bhaill an Chumainn; lá 24 uair labhairt na Gaeilge mar chuid de sheachtain 'RAG'; turas cultúrtha ar an Cheathrú Rua; oíche 'malartú teanga' mar chuid de Lá na dTeangacha; toghchánaíocht trí Ghaeilge le hiarrthóirí Aontas na Mac Léinn, ina raibh ar na hiarrthóirí a gcuid polasaithe maidir le cur chun cinn na Gaeilge sa Choláiste a léiriú; agus an-chuid imeachtaí d'Éigse na Trionóide. Luadh 'an Ghig Mhór do Phádraig' mar bhuaicphointe seachtain na hÉigse. Cruinníodh os cionn €3,000 ag an ócáid sin agus bhí teaghlach Phádraig Schaler an-bhuíoch as an tacaíocht seo.

I measc imeachtaí an Chumainn Ghaelaigh atá le teacht, tá lá eile 24 uair labhairt na Gaeilge le haghaidh Seachtain (naisiúnta) na Gaeilge, agus an Bál Gaelach ar 19 Márta.

7- Tuairisc Airgeadais

Mar gheall ar dheacrachtaí a bhaineann le cur i bhfeidhm an córas nua airgeadais sa Choláiste, ní raibh gnáth-tuairisc airgeadais ar fáil, ach gealladh go mbeidh a leithéid ar fáil ag an chéad chruinniú eile. Dúirt Oifigeach na Gaeilge, Aonghus Dwane, fur féidir smaoineamh ar thacaíocht a thabhairt don Chlárlann Acadúil / tionscadal GeneSIS leis an chlárúchán dátheangach a chur i bhfeidhm, dá mbeadh an tacaíocht sin de dhíth. Luaigh sé freisin prionsabal ginearálta an príomhshruthú, .i. nár chóir d'Oifig na Gaeilge íoc as riachtanais teanga na rannóga eile.

8- Téarmaí Tagartha an Choiste

Pléadh Téarmaí Tagartha an Choiste. Iarradh ar bhaill an Choiste smaoineamh ar aon fhochoiste ar chóir a bhunú, agus a gcuid smaointe a chur ar aghaidh chuig an Oifigeach nuacheaptha, Aoife Crawford, roimh an chéad chruinniú eile. Moladh gur chóir na Téarmaí Tagartha a chur ar fáil as Gaeilge nuair atá siad deimhnithe.

Another regular new event is the Homework Club, with the Society of St Vincent de Paul – between 10 and 15 school pupils get help with their Irish homework from teachers from both societies, once a week.

Amongst the events that have been organised by the Cumann Gaelach since the last meeting are: 'The Gathering' with former Cumann members; a day of 24-hour Irish speaking for RAG week; a cultural trip to An Cheathrú Rua; a 'language-swapping' evening as part of Languages Day; hustings through Irish with Students' Union candidates, in which candidates gave their policies on the promotion of Irish in College; and many events for Éigse na Trionóide. 'The Big Gig for Pádraig' was mentioned as a highlight of the Éigse week. Over €3,000 was collected at that event, and Pádraig Schaler's family were very grateful for this support.

Amongst the Cumann Gaelach events to come are another day of 24-hour Irish speaking for Seachtain na Gaeilge (national Irish week), and the Irish Ball on 19 March.

7- Financial Report

As a result of difficulties relating to the implementation of the new financial system in College, a normal financial report was not available, but this was promised for the next meeting. The Irish Language Officer, Aonghus Dwane, suggested that if there were circumstances in which the Academic Registry / GeneSIS project needed support to implement bilingual registration, Oifig na Gaeilge could endeavour to help. He also noted the general principle of mainstreaming, i.e. that the Irish Language Office should not pay for the language requirements of other departments.

8- Terms of Reference of the Committee

The Terms of Reference of the Committee were discussed. Committee members were asked to think of any sub-committee that should be founded, and to forward their ideas to the incoming Officer, Aoife Crawford, before the next meeting. It was recommended that the terms of reference should be made available in Irish once they are confirmed.

9. An tAcht Teanga agus na Scéimeanna Teanga

Seoladh an Dara Scéim Teanga i mí na Samhna 2013.

Luadh an clárúchán dátheangach mar thasc mór atá roimh an Choláiste, chomh maith le duine le Gaeilge a bheith ar fáil i ról seirbhís cuistiméara sa Chlárlann Acadúil agus san Oifig Fiosrúcháin. Deimhníodh go mbeidh cuid de Shearmanas an Bhronnadh Céime trí mheán na Gaeilge roimh i bhfad.

Dúradh gur chóir go mbeadh comharthaíocht níos soiléire sa Leabharlann maidir leis na seirbhísí Gaeilge atá ann. Moladh fógraí soghluaiste a chur ag na deascanna a bhfuil cainteoir Gaeilge acu ag an noiméad áirithe sin.

Moladh Coiste na Gaeilge as dara Scéim Teanga a chur le chéile. D'aontaigh an Coiste gur chóir litir a chur chuig Seán Ó Coirreáin, ag gabháil buíochais leis as ucht an obair ar fad a rinne sé le Coláiste na Tríonóide le linn dó a bheith ina Choimisinéar Teanga.

10- Na Scéimeanna Cónaithe

Chuir an tOifigeach Gaeilge, Aonghus Dwane, in iúl go bhfuil pleananna oibre do thograí na Scéimeanna istigh, agus an Oíche Léiriúcháin le bheith ar siúl ag deireadh an téarma mar is gnáth. Luaigh sé freisin go bhfuil 5 mac léinn (a bhí ar an Scéim cheana) roghnaithe don Scéim Chónaithe 2014-15 cheana féin. Chuir 20 duine isteach ar 5 áit sa Scéim Chónaithe. Tá an-éileamh ar an Scéim agus bhí an-chaighdeán iarrthóirí istigh air i mbliana.

Ghabh Aonghus Dwane buíochas leis an Choiste agus do bheirt ach go háirithe – as cuidiú leis obair na hOifige a chur i gcrích. B'iad sin Clóna Ní Shuilleabháin, a chuidíonn go mór leis na hagallaimh do na Scéimeanna Cónaithe, agus Eoin Mac Cárthaigh, a dhéanann profáil ar aistriúcháin na hOifige.

Moladh gur chóir mic léinn eile le Gaeilge a chur in árasáin gar do Scéim an Champais, mar a dhéantar i Halla na Tríonóide faoi lathair – tá

9- The Language Act and the Language Schemes

The Second Language Scheme was launched in November 2013.

Bilingual registration was noted as a major task to be implemented by the College, as well as someone with Irish being available in a customer service role in the Academic Registry and the Enquiries Office. It was confirmed that a part of the Commencements service will be through Irish before long.

It was said that there should be clearer signage in the Library regarding the Irish language services there. It was recommended that portable signs be placed at the desks staffed by an Irish speaker.

The Irish Language Committee was praised for completing a second Language Scheme. The Committee agreed that a letter should be sent to Seán Ó Coirreáin, thanking him for all the work he did with Trinity College while he was Language Commissioner.

10- The Irish language Residency Schemes

The Irish Language Officer, Aonghus Dwane, related that the plans for the Scheme student projects are in, and that the Presentation Night will be held at the end of term as usual. He also noted that 5 students (who were on the Scheme previously) have already been chosen for the 2014-15 Scheme. 20 people applied for 5 places on the Residency Scheme. There is great demand for the Scheme and there was a very high standard of applicants this year.

Aonghus Dwane thanked the Committee, and two of them in particular, for helping with the work of the Irish Language Office. They were Clóna na Shuilleabháin, who helps greatly with the interviews for the Residency Schemes, and Eoin Mac Cárthaigh, who proofreads the Office's translations.

It was recommended that other students with Irish should be placed in apartments near to the Campus Residency Scheme, as is currently done in Trinity

árasáin Scéim Dhartraí taobh istigh de Theach na Gaeilge. Fiosrófaí é seo le hOifig an Lóistín.

11- Seomra na Gaeilge: Comharthaí agus Rialacha

Pléadh na comharthaí nua ag tús an chruinnithe. Rachaidh Oifigeach na Gaeilge nuacheaptha, Aoife Crawford, i dteagmháil le hOifig na bhFoirgneamh féachaint an féidir 'sandwich board' a fháil do Seomra na Gaeilge sa Chearnóg Tosaigh chomh maith.

Dúradh go bhfuil rialacha an tSeomra tagtha ar ais ón Déan Sóisearach, agus go bhfuil mionathruithe le déanamh orthu.

12- Ainmniú Ionadaithe Nua: An Limistéar Riaracháin agus Tacaíochta, agus Aontas na nIarchéimithe

Moladh go mbeadh Caitlín Nic Íomhair (mac léinn dochtúireachta i Roinn na Gaeilge, a mbeadh suim aici sa ról) mar ionadaí ó Aontas na nIarchéimithe, agus glacadh leis seo. Déanfar teagmháil le hAontas na Iarchéimithe le deimhniú go bhfuil siad sásta í a cheapadh.

Maidir leis an Limistéar Riaracháin agus Tacaíochta, moladh teagmháil a dhéanamh le Caoimhe Ní Lochlainn, Preasoifigeach an Choláiste, féachaint an mbeadh sí féin sásta an ról a ghlacadh, agus moltaí a fháil ó John Coman, Rúnaí an Choláiste, muna mbeadh.

13 – Aon ghnó eile

Fiafraíodh den Oifigeach an bhfuil liosta na ndaoine sa Choláiste a bhfuil an Ghaeilge acu ar fáil. Dúirt sé go bhfuil an liosta sin réidh agus go gcrochfar ar shuíomh na hOifige roimh i bhfad é. Moladh gur fiú an liosta a nuashonrú go luath chomh maith.

Ghabh an Coiste buíochas d'Aonghus as an sáróbair atá déanta aige go dtí seo, agus tá súil ag an Choiste go mbeidh sos gairme den scoth aige.

Hall - the Dartry Scheme apartments are within the 'Irish House'. Enquiries will be made with the Accommodation Office.

11- Seomra na Gaeilge: Signs and Rules

The new signs were discussed at the start of the meeting. The incoming Irish Language Officer, Aoife Crawford, will make contact with the Buildings Office to see if a sandwich board for Seomra na Gaeilge can be procured for Front Square as well.

The Committee were told that the rules of the Seomra have come back from the Junior Dean, and that there are minor changes to be made to them.

12- New Representatives to be Named: the Administrative and Support Area, and the Graduate Students' Union

Caitlín Nic Íomhair (a postgraduate student in the Department of Irish, who would be interested in the role) was recommended to be the representative from the Graduate Students' Union, and this was accepted. The Graduate Students' Union will be contacted to confirm that they are happy to appoint her.

Regarding the Administrative and Support area, it was suggested that Caoimhe Ní Lochlainn, Press Officer for the College, should be contacted, to see if she would be interested in the role, and to get suggestions from John Coman, College Secretary, if she were not.

13 – Any other business

The Irish Language Officer was asked if the list of people in College who have Irish was available. He said that the list is ready and will be posted to the Irish language office site before long. It was recommended that the list be updated soon as well.

The Committee thanked Aonghus for the excellent work he has done until now, and wished him a very enjoyable career break.

Ón tuairisc a chuir Oifigeach na Gaeilge ar fail don chruinniú, ar glacadh leis:

An tAcht Teanga agus na Scéimeanna Teanga

Tá rannóga an Choláiste ag obair ar fhógraí taifeadta béil a bheith go dátheangach, agus leathanaigh idirlín áirithe a bheith ar fáil as Gaeilge. Tá na gealltanais maidir le suíomh gréasáin ón chéad Scéim Teanga le comhlíonadh fós (Sprioc: deireadh mhí Mhárta). An chéad sprioc sa dara Scéim Teanga ná 17 Samhain 2014 – deireadh bliain 1.

Seirbhísí custaiméara Gaeilge

Beidh gá le dianchúrsa traenála a réachtáil an samhradh seo le baill foirne ón Leabharlann agus ón Oifig Fhiosrúchán.

Tionólfar an chéad chruinniú eile de Choiste na Gaeilge sa Samhradh 2014.

From the report that the Irish Language Officer provided to the meeting, which was accepted:

The Language Act and the Language Schemes

College departments are working on making voicemail messages bilingual, and providing certain webpages in Irish. The commitments regarding websites in the first Language Scheme are still to be fulfilled (Deadline: end of March). The first deadline in the second Language Scheme is 17th November 2014 – the end of year 1.

Customer services through Irish

Intensive training courses will need to be organised this summer for staff members from the Library and the Enquiries Office.

The next meeting of the Irish Language Committee will be called in Summer 2014.